# Buiséad 2024

Leibhéal B2

## A: MACHNAMH

### Réamhchleachtadh 1

Beidh tú ag féachaint ar mhír faoi bhuiséad 2024 ar ball. Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

Is féidir féachaint ar an bhfíseán seo ó Cúla4 le cabhrú leat:
https://www.youtube.com/watch?v=Oaks2Q6vITY

1. Cad atá i gceist leis an bhfocal 'cáin'?
2. Cén fáth a n-íocann daoine cáin agus cad a dhéanann an rialtas leis an airgead?
3. Cad é buiséad nó 'cáinaisnéis'?



### Réamhchleachtadh 2

Anois, pléigh na ceisteanna thíos atá bunaithe ar ábhar na míre atá le teacht.

1. Cad atá ar eolas agat faoi bhuiséad 2024?
2. Pléifear íocaíochtaí aonuaire (*once-off payments*) agus faoiseamh cánach (*tax relief*) do thiarnaí talún sa mhír. Cad atá ar eolas agat faoi na nithe sin?
3. Tá daoine ag rá nach bhfuil an buiséad seo cothrom ná féaráilte, go háirithe do dhaoine bochta. Cén fáth a ndeir siad a leithéid, dar leat?

# B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

*election budget:* ________________________

*short-term measures:* ________________________

*Inequality, unfairness:* ________________________

*critical examination:* ________________________

*financial experts:* ________________________

*cost of living:* ________________________

*inflation rate:* ________________________

*charity:* ________________________

*allowance:* ________________________

*(to be) released, issued:* ________________________

2. Féach ar an mír den chéad uair. An raibh na focail chéanna agat féin?

3. Cad iad na frásaí a bhí sa mhír chun na nithe seo a leanas a rá? Cén Ghaeilge a chuirfeá orthu?

*They benefit people.*
*They get used to something.*
*They agree with something.*

4. Féach ar na frásaí thíos. Is minic a chuirtear focail le chéile a bhfuil an chéad litir mar an gcéanna acu. Cén fáth, dar leat?

‘cóir agus cothrom’ ‘cur agus cúiteamh’

# C: TUISCINT

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an mír arís agus freagraígí na ceisteanna thíos le chéile:

1. Cén lá a foilsíodh an buiséad agus cé atá ag déanamh measúnú ar na himpleachtaí a bhaineann leis na híocaíochtaí aonuaire?
2. Cad a bhí le rá ag Brian Ó Ceallaigh faoi na híocaíochtaí aonuaire?
3. Cad a cheap muintir na Dála faoin bhfaoiseamh cánach a tugadh do thiarnaí talún?
4. Cad a dúirt Barry Ward faoin bhfaoiseamh cánach do thiarnaí talún?
5. Tá cáineadh an-ghéar déanta ag Catherine Connolly ar bhuiséad an rialtais. Cad a dúirt sí?
6. An gceapann Éamon Ó Cuív gur rud maith atá sna híocaíochtaí aonuaire?
7. Cén fáth a luann Éamon  Ó Cuív aimsir na Nollag?
8. An bhfuil deireadh anois le plé ar an mbuiséad?



# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (á + an t-ainm briathartha)

a) An féidir leat Béarla a chur ar na habairtí seo a bhí sa mhír?

Tá scagadh **á dhéanamh** ar mhionsonraí an bhuiséid.

Beidh meastachán eile **á eisiúint** ag an rialtas roimh dheireadh na bliana.

b) Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an gcéad sampla thuas? Bain úsáid as na samplaí thuas agus as na cinn eile seo thíos chun na rialacha a bhaineann le ‘á + ainm briathartha’ a léiriú.

Tá scoil nua **á** tógáil ag bun na sráide.
Tá teach **á** thógáil i lár na sráide.
Tá scoileanna **á** dtógáil ar fud na tíre.
Tá agóid **á** heagrú i lár na cathrach.
Tá cruinniú **á** eagrú faoi láthair.
Tá agóidí **á** n-eagrú ar fud na tíre.

## 2: Cruinneas gramadaí (an tuiseal ginideach gan an t-alt)

Bhí go leor samplaí den tuiseal ginideach gan an t-alt sa mhír. Féach ar na cinn seo anois. Bain amach na lúibíní agus cuir an fhoirm cheart de gach ainmfhocal sna bearnaí.

buiséad (toghchánaíocht) ____________________________

saineolaí (airgeadas) ____________________________

costas (maireachtáil) ____________________________

ráta (boilsciú) ____________________________

faoiseamh (cáin) ____________________________

tiarnaí (talamh) ____________________________

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus glacaigí na róil thíos:

**Duine A**

Is duine an-sprionlaithe go deo thú. Bíonn tú i gcónaí ag iarraidh bealaí a aimsiú le hairgead a shábháil.

**Duine B**

Is duine thú atá go dona le hairgead. Bíonn tú i gcónaí ag iarraidh a bheith ag ithe amuigh i mbialanna, ag dul amach san oíche agus mar sin de. Bíonn fiacha troma ort i gcónaí.

Ligigí oraibh féin gur mic léinn ollscoile **nó** cairde **nó** lánúin phósta sibh atá díreach tar éis bogadh isteach i dteach le chéile den chéad uair. Caithfidh sibh buiséad a leagan amach do na billí agus do na costais éagsúla a bheidh agaibh gach mí. Ach tá fadhb agaibh – níl sibh ar aon intinn faoin mbealach ar cheart daoibh bhur gcuid airgid a chaitheamh. Déanaigí cur agus cúiteamh faoi.




## 2: Scríobh

Dá mbeifeá féin i d’Aire Airgeadais, cad iad na bearta a chuirfeá sa bhuiséad?  Scríobh 10 líne ag míniú na rudaí a dhéanfá.  Bí cúramach!  Beidh ort an modh coinníollach a úsáid!

*Chuirfinn níos mó airgid ar fáil do chúram sláinte…*

# AN SCRIPT

**Eimear Ní Chonaola**
Buiséad toghchánaíochta de bhearta gearrthéarmacha a chuirfeas[1] leis an míchothromaíocht sa tsochaí, an cur síos a rinne an Teachta Dála Neamhspleách, Catherine Connolly, ar bhuiséad an lae inné. Ach deir an rialtas go bhfuil na bearta cóir agus cothrom agus go rachaidh siad chun leas na ndaoine is boichte sa tír.

**Irene Ní Nualláin**
Tá scagadh á dhéanamh ar mhionsonraí an bhuiséid a fógraíodh inné agus impleachtaí na n-íocaíochtaí aonuaire á meas ag saineolaithe airgeadais.

**Brian Ó Ceallaigh, Ollamh le hAirgeadas, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath**
Tá siad á lua mar chúnamh do dhaoine dul i ngleic leis an gcostas ard maireachtála. Más amhlaidh go dtiteann an ráta boilscithe an bhliain seo chugainn go dtí thart ar 3%, mar atá á thuar acu, ní bheidh gá leis na riachtanais seo. Ach an baol atá ann i gcónaí, mar is eol duit, ná, nuair a théann daoine i dtaithí ar na híocaíochtaí seo, go mbíonn sé thar a bheith deacair iad a bhaint arís.

**Irene Ní Nualláin**
Bhí cáineadh déanta sa Dáil inniu ar an bhfaoiseamh cánach de €600 atá ceadaithe do thiarnaí talún.

**An Seanadóir Barry Ward, Fine Gael.**
Caithfimid rudaí a dhéanamh ionas go mbeadh na tiarnaí talún sa mhargadh an bhliain seo chugainn agus dá éis sin toisc go bhfuil siad ag cur lóistín ar fáil do dhaoine ar cíos. Mura bhfuil na lóistíní sin ar fáil, beidh fadhb eile againn. *So*, sin an fáth go bhfuil na rudaí sin ann chun an buntáiste sin a thabhairt do thiarnaí talún.

**Catherine Connolly TD, Neamhspleách**
Breathnaíonn, is dócha, an rialtas seo – agus chuile[2] rialtas – ar dhaoine, ar íocaíochtaí mar charthanacht agus ní carthanacht atá ag teastáil uaimse, ach sochaí atá i bhfad níos cothroime. Agus níl sé sin déanta acu agus is dócha go bhfuil fíor-roghanna acu agus tá roghanna déanta acu agus beidh míchothromaíocht i gceist ag dul ar aghaidh agus ag dul ar aghaidh.

**Éamon Ó Cuív TD, Fianna Fáil**
Caithfidh mé a rá go raibh an-fháilte anuraidh ag an ngnáthphobal roimh na híocaíochtaí aonuaire, go mór mór má thagann siad go tráthúil. Mar shampla, má thógaimid an liúntas leanaí, is mór an cúnamh do thuismitheoirí, liúntas dúbailte a fháil ag teacht suas go dtí an Nollaig. Agus, mar sin, ní dóigh go dtiocfadh an gnáthphobal leis an dream atá ag rá nach bhfuil maith ar bith leis na híocaíochtaí aonuaire. Bíonn an-spéis ag an bpobal iontu.

**Irene Ní Nualláin**
Beidh meastachán eile á eisiúint ag an rialtas roimh dheireadh na bliana agus is cinnte go mbeidh neart cur agus cúiteamh faoi na figiúirí céanna idir seo agus sin.

Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4.

[1] 'a chuirfeas' = a chuirfidh
[2] 'chuile' = leagan canúnach de 'gach uile'

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

### Réamhchleachtadh 1:

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

Ba cheart go mbeadh foghlaimeoirí B2 in ann na ceisteanna a phlé gan mórán stró, go háirithe tar éis féachaint ar an bhfíseán beag.

### Réamhchleachtadh 2:

Is é aidhm an réamhchleachtaidh seo ná ábhar/topaic na míre a chur i láthair na bhfoghlaimeoirí sula bhféachfaidh siad uirthi chun tacú leis an gcluastuiscint ar ball.

Féach:
Faoiseamh cánach: laghdú ar an gcáin atá le híoc.
Na híocaíochtaí aonuaire: gheobhaidh an chuid is mó de dhaoine atá ag fáil sochar leasa shóisialaigh go seachtainiúil airgead breise, in aon uair amháin, idir seo agus an bhliain úr.

## B: FOCLÓIR

1. An stór focal:

| | |
|---|---|
| *election budget* | buiséad toghchánaíochta |
| *short-term measures* | bearta gearrthéarmacha |
| *inequality, unfairness* | míchothromaíocht |
| *critical examination* | scagadh |
| *financial experts* | saineolaithe airgeadais |
| *cost of living* | costas maireachtála |
| *inflation rate* | ráta boilscithe |
| *charity* | carthanacht |
| *allowance* | liúntas |
| *(to be) released, issued* | á eisiúint |

2. Tabhair deis do na foghlaimeoirí na focail a d'aimsigh siad féin a chur i gcomparáid leis na focail a bhí sa mhír.

3. Féach:
   *Téann siad le leas daoine – they benefit people.*
   *Téann siad i dtaithí ar rud – they get used to something.*
   *Tagann siad le rud – they agree with something.*

4. Cuireann sé le rithim na cainte agus cuireann sé béim ar an méid atá le rá. Téann brí na nathanna cainte i bhfeidhm ar an éisteoir dá bharr sin.

## C: TUISCINT

Féach ar an script.

## D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (á + an t-ainm briathartha)

a) Féach:
**Tá** scagadh **á dhéanamh** ar mhionsonraí an bhuiséid.
*The budget details **are being** critically examined.*
**Beidh** meastachán eile **á eisiúint** ag an rialtas roimh dheireadh na bliana.
*Another assessment **will be released** by the government before the end of the year.*

b) Féach:

- ✓ Feicimid ó na samplaí thuas go bhfuil an fhaí chéasta (passive voice) i gceist.

  **Tá** scagadh **á dhéanamh** ar mhionsonraí an bhuiséid.
  *The budget details **are being** critically examined. (are being – passive voice)*
  **Beidh** meastachán eile **á eisiúint** ag an rialtas roimh dheireadh na bliana.
  *Another assessment **will be released** by the government before the end of the year. (will be released – passive voice).*

- ✓ Go minic bíonn 'ag' san abairt chun soiléiriú a dhéanamh ar an bhfaí chéasta. Féach an sampla seo arís:

  Beidh meastachán eile **á eisiúint** ***ag*** an rialtas roimh dheireadh na bliana.
  *(ag an rialtas – by the government)*

- ✓ Déanann an 'á' tagairt don ainmní (subject) san abairt – sin 'scagadh' agus 'meastachán' sna samplaí sin arís:

  Tá scagadh **á dhéanamh** ar mhionsonraí an bhuiséid.
  Beidh meastachán eile **á eisiúint** ag an rialtas roimh dheireadh na bliana.

- ✓ Ansin, ag brath ar inscne nó iolra an ainmfhocail, cuirtear na rialacha a bhaineann leis an aidiacht shealbhach i bhfeidhm ar an ainm briathartha a leanann 'á'. Féach arís:

  Tá scagadh (firinscneach, uatha) **á dhéanamh** (séimhiú ar 'déanamh') ar mhionsonraí an bhuiséid.
  Beidh meastachán (firinscneach, uatha) eile **á eisiúint** (gan 'h' ar eisiúint) ag an rialtas roimh dheireadh na bliana.

- ✓ Féach:

  Tá scoil nua **á** tógáil ag bun na sráide.
  (scoil = ainmfhocal baininscneach, gan séimhiú ar 'tógáil')
  Tá teach **á** thógáil i lár na sráide.
  (teach = ainmfhocal firinscneach, séimhiú ar 'tógáil')
  Tá scoileanna **á** dtógáil ar fud na tíre.
  (scoileanna = uimhir iolra, urú ar 'tógáil')

  Tá agóid **á** heagrú i lár na cathrach.
  (agóid = ainmfhocal baininscneach, 'h' ar 'eagrú')
  Tá cruinniú **á** eagrú faoi láthair.
  (cruinniú = ainmfhocal firinscneach, gan 'h' ar eagrú)
  Tá agóidí **á** n-eagrú ar fud na tíre.
  (agóidí = uimhir iolra, urú ar 'eagrú')

## 2: Cruinneas gramadaí (an tuiseal ginideach gan an t-alt)

Féach:

buiséad toghchánaíochta
saineolaí airgeadais
costas maireachtála
ráta boilscithe
faoiseamh cánach
tiarnaí talún

## Cumarsáid

### 1: Caint

Tabhair deis do gach beirt an rólghníomhaíocht a dhéanamh. Bí ar fáil chun cuidiú leo le linn na gníomhaíochta. Iarr ar bheirteanna éagsúla an rólghníomhaíocht a dhéanamh os comhair an ranga.

### 2: Scríobh

Samplaí eile:
Thabharfainn faoiseamh cánach do dhaoine atá ag íoc cíos ard.
Thabharfainn faoiseamh cánach do thiarnaí talún.
Thabharfainn íocaíocht aonuaire do theaghlaigh roimh an Nollaig.
D'ardóinn an liúntas leanaí.
Chuirfinn cúram sláinte saor in aisce ar fáil do gach duine.
Chuirfinn an córas iompar poiblí saor in aisce ar fáil do gach duine.
Chuirfinn cúrsaí tríú leibhéal saor in aisce ar fáil do gach duine.

*Curtha ar fáil ag* Ollscoil Mhá Nuad (Ollscoil na hÉireann Má Nuad) | Lárionad na Gaeilge (Taighde, Teagasc & Tástáil) *le tacaíocht ó*
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán / Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
TG4